CORA Cork Open Research Archive
Cartlann Taighde Oscailte Chorcaí

| | |
|---|---|
| Title | Aiseolas ceartaitheach mar réiteach ar easnaimh theangeolaíocha sa tumoideachas lán-ghaeilge [Corrective feedback as a solution for linguistic deficiencies in Irish-medium immersion] |
| Authors | Ní Mhurchú , Caitríona;Ní Aogáin , Sylvaine;Ó Ceallaigh, Timothy Joseph |
| Publication date | 2023-11-14 |
| Original Citation | Ní Mhurchú, C., Ní Aogáin, S. and Ó Ceallaigh, T. (2023) 'Aiseolas ceartaitheach mar réiteach ar easnaimh theangeolaíocha sa tumoideachas lán-ghaeilge [Corrective feedback as a solution for linguistic deficiencies in Irish-medium immersion]', TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics, 30(1), pp. 81-108. Available at: https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/5455 (Accessed 1 December 2023). |
| Type of publication | Article (peer-reviewed) |
| Link to publisher's version | https://journal.iraal.ie/index.php/teanga/article/view/5455 |
| Rights | © 2023, TEANGA, the Journal of the Irish Association for Applied Linguistics. This work is licensed under a Creative Commons Attribution-NonCommercial-NoDerivatives 4.0 International License. - https://creativecommons.org/licenses/by-nc-nd/4.0/ |
| Download date | 2026-08-30 03:45:42 |
| Item downloaded from | https://hdl.handle.net/10468/15289 |

UCC
University College Cork, Ireland
Coláiste na hOllscoile Corcaigh

**Aiseolas Ceartaitheach mar Réiteach ar Easnaimh Theangeolaíocha sa Tumoideachas Lán-Ghaeilge**

**[Corrective Feedback as a Solution for Linguistic Deficits in Irish-Medium Immersion]**

Caitríona Ní Mhurchú, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

Sylvaine Ní Aogáin, Coláiste Mhuire gan Smál, Ollscoil Luimnigh

T.J. Ó Ceallaigh, Coláiste na hOllscoile Corcaigh

**Coimriú**

Is le fada an lá a thuigtear go mbíonn dara teanga (T2) daltaí tumoideachais tearcfhorbartha. Sonraítear sa litríocht nach gan dua a fhorbraíonn T2 na ndaltaí tumoideachais agus go mbíonn dúshláin nach beag roimh mhúinteoirí agus dhaltaí tumoideachais leis an T2 a threisiú agus a shaibhriú. Déantar scagadh san alt seo ar thaighde ina ndearnadh iniúchadh ar úsáid Aiseolais Cheartaithigh (AC) ar bhonn córasach sa seomra ranga tumoideachais. Cé go raibh sé mar aidhm ag an taighde seo gort an AC in Éirinn a fhorbairt agus cur le tionscadail thaighde atá curtha i gcrích sa ghort seo cheana, bhí sé mar sprioc ag na taighdeoirí freisin anailís a dhéanamh ar earráidí coitianta daltaí tumoideachais mar aon leis na gnáthchleachtais cheartúcháin a úsáideadh chun na botúin a réiteach. Sa taighde faoi chaibidil úsáideadh córas AC in dhá sheomra ranga tumoideachais ar feadh cúig seachtaine. Ar an gcaoi sin, ghlac beirt mhúinteoirí, mar aon le 53 dalta tumoideachais, páirt sa taighde agus chuir siad córas AC i bhfeidhm ina seomraí ranga féin. Bailíodh sonraí taighde cáilíochtúla faoi scáth na paraidíme tógachaíche ó mhúinteoirí (n=2) trí agallaimh leath-struchtúrtha roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála agus trí dhialanna machnaimh le linn na hidirghabhála. Lena chois sin, bailíodh sonraí taighde ó dhaltaí trí cheistneoirí (n=53) agus trí ghrúpaí fócais (n=10) roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála. Bailíodh sonraí taighde ón dá sheomra ranga trí chuairteanna breathnóireachta seachtainiúla le linn na hidirghabhála. I ndiaidh anailíse, sonraíodh go raibh na hearráidí coitianta céanna le cloisteáil sa dá rang agus gur tháinig athrú ar an gcleachtas ranga agus ar fheasacht an mhúinteora agus na ndaltaí maidir le ceartú na n-earráidí coitianta tar éis an chórais AC a chur i bhfeidhm ar bhonn córasach, leanúnach. Táthar ag súil go gcuirfidh an taighde seo le corpas litríochta an ghoirt agus go mbeidh sé ina threoir luachmhar do mhúinteoirí tumoideachais agus daltaí tumoideachais chun sealbhú cruinn an dara teanga a chur chun cinn i gcomhthéacs an tumoideachais.

***Eochairfhocal:*** Aiseolas ceartaitheach, tumoideachas, sealbhú an dara teanga, forbairt ghairmiúil

*Much research in the field of immersion education highlights the challenges students experience in acquiring an accurate and rich L2 repertoire. This paper reports on a research study that investigated the systematic implementation of Corrective Feedback (CF) in the Irish immersion context as a potential contribution to counteracting these challenges. The study builds on previous research conducted both nationally and internationally, by analysing the most frequent grammatical errors among fifth and sixth class immersion*

*students and then exploring how such errors are corrected in the immersion classroom setting. Thus, CF was implemented in two immersion classrooms over a five-week period in the current study. Qualitative data were gathered within a constructivist paradigm from teachers (n=2) through semi-structured interviews before and after the intervention, along with daily reflective diary entries that were completed throughout the intervention. Further data were collected from fifth and sixth class students through questionnaires (n=53) and focus group interviews (n=10) before and after the intervention. To further enhance the data collection process while also supporting the validity and reliability of research findings, one of the researchers engaged in weekly observation routines over the course of the intervention. Compelling findings illustrate that similar grammatical errors were evident in both classrooms and that, with the implementation of the systematic CF intervention, both teachers' and students' awareness in relation to error-correction practices increased and evolved. Stemming from research findings, implications for future research, policy and practice are discussed.*

***Keywords:*** Corrective feedback; immersion education; second language acquisition; professional development

## Réamhrá

Admhaítear gurb é an feachtas is rathúla a tháinig ar an bhfód riamh i leith chur chun cinn na Gaeilge ná gluaiseacht na Gaelscolaíochta le linn na 1970í. Ní mór a lua gur thuismitheoirí a chuir an ghluaiseacht seo ar bun, ón ithir aníos (Ó Laoire luaite in Ó hAiniféin 2008, lch.11). In ainneoin go raibh amhras ann i dtaobh an chórais tumoideachais in Éirinn ar dtús maidir le forbairt foghlama an dalta, tá sé tar éis bláthú ó shin i leith agus ta an-ráchairt ar na scoileanna lán-Ghaeilge sa lá atá inniu ann. Tuairiscíodh in 2022 go bhfuil 255 bunscoil lán-Ghaeilge ag feidhmiú i bPoblacht na hÉireann agus 150 díobh lonnaithe taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta (Gaeloideachas, 2022). I dtromlach na mbunscoileanna tumoideachais in Éirinn, cuirtear múnla an lántumtha iomláin i bhfeidhm (Ó Duibhir, 2018). Ciallaíonn sé sin go mbíonn an dalta tumtha sa sprioctheanga (.i. sa Ghaeilge) ar feadh tréimhse agus nach gcuirtear tús le múineadh an Bhéarla go dtí am i ndiaidh na tréimhse tumtha (Ní Aogáin et al., 2021). Bíonn sé de rogha ag scoileanna lán-Ghaeilge taobh amuigh de cheantair Ghaeltachta, ar a bhfuil an taighde seo dírithe, clár lántumtha a chur i bhfeidhm go deireadh na Naíonán Sinsearach, "… faoi réir ag faomhadh bhord bainistíochta

na scoile agus tar éis dul i gcomhairle leis an bpátrún, le múinteoirí agus le cumann na dtuismitheoirí" (CNCM, 2019).

## Inniúlacht Teanga na nDaltaí Tumoideachais

Cuirtear buanna an tumoideachais in iúl go comhsheasmhach sa taighde le scór bliain anuas agus aithnítear go forleathan go mbíonn idir bhuntáistí cognaíocha, acadúla, teangeolaíocha, sóisialta agus uile ag baint leis an gcóras (Baker & Wright, 2021). Bíodh is go bhfuil lear mór taighde curtha i gcrích le fada an lá i ngort an tumoideachais, ní foláir a thabhairt faoi deara, in ainneoin an ratha agus an éilimh mhéadaithe ar scoileanna lán-Ghaeilge, go ndealraítear go mbíonn easnamh ar leith le sonrú ar fhorbairt T2 an dalta tumoideachais (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017). Is cosúil go bhfuil an bhearna seo i bhforbairt teanga daltaí tumoideachais i gceist le fada in Éirinn mar sonraíodh i dtaighde Walsh (2007, lch.9) go mbíonn "Gaeilge líofa ach lofa" sealbhaithe ag daltaí meánscoile sa chóras tumoideachais.  De réir Ní Aogáin et al. (2021, lch.114), is " … í forbairt na scileanna ginchumais i measc daltaí tumoideachais ceann de na gnéithe is dúshlánaí ar fad atá le sárú i gcomhthéacs an tumoideachais". Tá sé luaite go seasta sa litríocht go mbíonn dúshláin roimh dhaltaí tumoideachais teanga chruinn a shealbhú agus a úsáid (Tedick & Lyster, 2020) agus go mbíonn a scileanna ginchumais, scileanna gramadaí ach go háirithe, "tearcfhorbartha" (Ó Ceallaigh & Ó Laoire, 2021, lch.vi).

Ar an ábhar seo, tuigtear ón taighde go gcruthaíonn struchtúir chomhréire faoi leith sa T2 constaic in aschur teanga daltaí tumoideachais (Harley, 1993; Tedick & Lyster, 2020) agus nach leor ionchur teanga sothuigthe agus saibhir chun na foirmeacha aitheanta seo a shealbhú go cruinn. Dar le Harley (1993), is gá aird ar leith a dhíriú ar fhoirmeacha atá éagsúil ó T1 an dalta, foirmeacha a bhíonn neamhrialta agus neamhchoitianta, agus ar fhoirmeacha nach gcuireann isteach ar chumas cumarsáid an dalta ar mhaithe le hiad a

fhorbairt go cruinn. Cuireann Tedick agus Lyster (2020) leis an liosta seo agus iad ag maíomh go mbíonn deacrachtaí ag daltaí le foirmeacha atá chomhchosúil le T1 an dalta ach ar bhealach míthreorach anuas ar fhoirmeacha a bhfuil foirm amháin díobh i dteanga amháin ach dhá fhoirm (nó níos mó) i dteanga eile acu.

De bhuíochas an taighde atá curtha i gcrích sa ghort le raidhse blianta anuas, is mó atá ar eolas ag oideachasóirí agus ag taighdeoirí i dtaobh phróiseas an tsealbhaithe i measc daltaí tumoideachais agus tá ár mbonn eolais de shíor á fhorbairt i leith oideolaíochta chun dul i ngleic le dúshlán an tsealbhaithe. Tuigtear anois gur chóir go mbeadh an cur chuige frithchothromaithe (Lyster, 2007) mar bhonn agus mar thaca cúrsaí teagaisc agus foghlama sa chóras tumoideachais. Is ionann an cur chuige frithchothromaithe agus cur chuige a dhíríonn ar mhúineadh agus ar fhoghlaim an ábhair agus na teanga i gcaoi chothromaithe (Tedick & Lyster, 2020). Is fiú a lua, áfach, cé go moltar do mhúinteoirí aird na ndaltaí a tharraingt ar ionchur teanga shaibhir mar aon le patrúin ghramadaí faoi leith a mhúineadh go follasach le linn ceachtanna ábharbhunaithe, aithnítear nach furasta atá sé do mhúinteoirí an cleachtas a chur i bhfeidhm ag leibhéal praiticiúil sa seomra ranga (Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh, Ó Laoire et al., 2019). Mar sin féin, ní féidir a shéanadh ach go dteastaíonn cuir chuige faoi leith, mar aon le hoiliúint ar na cuir chuige seo, ó mhúinteoirí ar mhaithe leis an gcothromaíocht idir múineadh an ábhair agus múineadh na teanga, a chur i bhfeidhm go leanúnach i rith an lae tumoideachais. (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Ní Aogáin et al., 2021).

## Aiseolas Ceartaitheach

Cuirtear Aiseolas Ceartaitheach (AC) in iúl mar chur chuige amháin a d'fhéadfaí a úsáid chun cothromaíocht mhúineadh an ábhair agus na teanga a chur chun cinn sa rang, dá n-úsáidfí é ar bhealach córasach sa seomra ranga (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2022). Is éard is brí le AC ná aon ghníomh ón múinteoir, nó ó dhalta eile, a tharraingíonn aird an dalta i dtreo

na habairte míchruinne agus a spreagann an dalta an earráid a cheartú le linn cumarsáide (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2020; 2021). Aithnítear go gcuireann AC le sealbhú cruinn an T2 agus go n-éascaíonn sé forbairt an T2 (Li, 2010; Lyster & Saito, 2010), fad is go gcuirtear i bhfeidhm é i gcaoi chórasach agus ar bhonn leanúnach sa seomra ranga tumoideachais (Ní Aogáin, 2019; Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2022; Ní Mhurchú, 2020). Tá mórán straitéisí éifeachtacha de AC curtha chun tosaigh ag lucht an taighde le blianta beaga anuas go hidirnáisiúnta (.i. Ammar & Spada, 2006; Lyster, 2004; Lyster & Ranta, 1997; Tedick & Lyster, 2020; Ellis & Sheen, 2011) agus go náisiúnta (Harris & Ó Duibhir, 2011; Ní Aogáin, 2019; Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2022) a thacódh le múinteoirí AC a chur ar fáil do dhaltaí ar bhonn leanúnach agus córasach. Ní miste a chur san áireamh go dtuairiscítear go mbíonn mearbhall ar mhúinteoirí, corruair, ar an gcaoi nó ar an uair le AC a úsáid ar mhaithe le hearráidí gramadaí a ndaltaí a cheartú ar bhealach tacúil (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2022; Ó Ceallaigh, 2013). Ar aon dul leis seo, deirtear go mion minic, go n-úsáidtear AC ar bhealach neamhchórasach agus *ad hoc* sa chóras tumoideachais in Éirinn  (Ní Aogáin, 2019; Ní Mhurchú, 2020; Ó Ceallaigh, 2013).

## Feasacht Teanga an Mhúinteora mar bhunchloch an chleachtais AC

Tá sé ríshoiléir ón taighde go bhfuil bonn eolais agus tacar sainscileanna oideolaíochta ar leith riachtanach don teagasc sa tumoideachas, lena n-áirítear feasacht teanga an mhúinteora (Cammarata & Ó Ceallaigh, 2020; Tedick & Lyster, 2020). Tá sé ríthábhachtach gur úsáideoir inniúil Gaeilge atá sa mhúinteoir tumoideachais, agus go léiríonn sé/sí raon leathan ardscileanna agus ardinniúlachtaí teanga (Ó Ceallaigh, 2020; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Ceallaigh, Leavy et al., 2019; Ó Ceallaigh, Ó Laoire et al., 2019). Tuairiscítear go rialta sa litríocht, áfach, go mbíonn bearnaí suntasacha le sonrú in eolas faisnéiseach[1]

[1] Faisnéis agus eolas maidir le míreanna agus fochórais teanga, amhail sainmhínithe ar fhocail agus rialacha.

múinteoirí tumoideachais ar an tumtheanga féin agus ina n-inniúlacht sa teanga chéanna (Ó Ceallaigh et al., 2020; Ó Ceallaigh, Ó Laoire et al., 2019). Tugtar le fios sa taighde go leirítear easnaimh shonracha teangeolaíocha, neamhdhiongbháilteachtaí teanga, agus laigí maidir le heolas ar an teanga (Ó Ceallaigh, 2013, 2020). Ní mór a lua chomh maith go gcuireann easnaimh theangaíocha srian ar mhúinteoirí tumoideachais freisin maidir le dearadh tascanna agus úsaid an AC i gcomhthéacs theagasc cumarsáideach an ábhair sa tumoideachais lán-Ghaeilge (Ó Ceallaigh 2013, 2020). Is tráthúil anois, da réir sin, aird a thabhairt ar na dúshláin reatha seo agus féachaint orthu ar bhonn córasach ar fud leanúntas an oideachais agus na forbartha do mhúinteoirí tumoideachais in Éirinn (Ó Ceallaigh 2013, 2020).

## Modheolaíocht an Taighde

### Ceisteanna Taighde

Threoraigh tuiscintí agus teoiricí na paraidíme tógachaíche an taighde agus úsáideadh modhanna cáilíochtúla amháin le hiniúchadh a dhéanamh ar cheisteanna an taighde (Mertens, 2022). Ghlac múinteoirí (n=2) agus daltaí (n=53) i Rang a Cúig (n=23) agus i Rang a Sé (n=30) i scoil lán-Ghaeilge páirt sa taighde faoi chaibidil. Rinneadh iniúchadh ar na mórcheisteanna seo a leanas le linn an staidéir:

- *Cad iad na hearráidí gramadaí ba choitianta a rinne daltaí Rang 5 agus Rang 6 i suíomh tumoideachais?*
- *Ar tháinig athrú ar an gcleachtas ranga maidir le ceartú na n-earráidí coitianta tar éis an córas AC a chur i bhfeidhm?*

Díríodh sa tionscadal taighde seo ar earráidí gramadaí na ndaltaí tumoideachais. Is ionann earráidí gramadaí san alt seo agus na foirmeacha teanga nach bhfuil sealbhaithe go cruinn ag daltaí tumoideachais agus a bhíonn de shíor in úsáid ar bhealach míchruinn acu i

gcomparáid le botúin ghramadaí na ndaltaí .i. na foirmeacha atá sealbhaithe ag na daltaí go cruinn ach a ndéantar botún leo anois agus arís agus iad i mbun úsáide sa chaint.

**Idirghabháil an Taighde**

Ar mhaithe leis na ceisteanna taighde a chíoradh sa tionscadal seo, cuireadh córas AC ar bun go córasach sa dá rang ar feadh tréimhse cúig seachtaine. De bharr go léirítear go bhfuil easpa forbartha gairmiúla oiriúnacha curtha ar fáil do mhúinteoirí tumoideachais (Ní Thuairisg, 2014; Ó Ceallaigh, Ó Laoire et al., 2019) agus go mbíonn tionchar nach beag ag forbairt ghairmiúil, bunaithe ar AC, ar chleachtas ceartúcháin mhúinteoirí (Ha & Murray, 2021, thuig na taighdeoirí gur theastaigh forbairt ghairmiúil ó na múinteoirí ar dtús sular cuireadh an idirghabháil ar siúl sna ranganna. Mar sin de, eagraíodh ceardlann roimh an idirghabháil agus rinne duine de na taighdeoirí cur i láthair don bheirt mhúinteoirí maidir leis an gcóras AC a bhunú.

**Modhanna an Taighde**

Úsáideadh modhanna cáilíochtúla chun sonraí taighde a bhailiú ó rannpháirtithe an taighde. Cuireadh na múinteoirí faoi agallaimh (n=2) agus dáileadh ceistneoirí ar na daltaí (n=53) ag tús agus ag deireadh na hidirghabhála. Choimeád an bheirt mhúinteoirí dialanna machnaimh laethúla le linn na hidirghabhála chun taifead a choimeád d’earráidí coitianta na ndaltaí. Sonraítear luach agus tábhacht na breathnóireachta in aon tionscadal taighde a reáchtáiltear i ngort an oideachais go síoraí seasta sa litríocht (Li & Vuono 2019) agus mar gheall air sin thug duine de na taighdeoirí cuairteanna seachtainiúla ar na ranganna chun breathnóireacht a dhéanamh ar chleachtas na ranganna. Lena chois sin, ghlac cúigear daltaí ón dá rang páirt in dhá ghrúpa fócais ag deireadh na hidirghabhála. Tá achoimre ghonta ar mhodhanna taighde an staidéir seo sonraithe i dTábla 1 thíos.

**TÁBLA 1**

***Achoimre ar Mhodhanna Taighde an Staidéir***

| Rannpháirtí | Modh Taighde | Tréimhse an Taighde |
|---|---|---|
| Múinteoirí (n=2) | Agallaimh leath-struchtúrtha | Roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála |
| | Dialann mhachnaimh | Le linn na hidirghabhála |
| Gach dalta (n=53) | Ceistneoir | Roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála |
| Daltaí i Rang 5 (n = 5) | Grúpa Fócais | Roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála |
| Daltaí i Rang 6 (n = 5) | Grúpa Fócais | Roimh agus i ndiaidh na hidirghabhála |
| An Taighdeoir | Breathnóireacht an Taighdeora | Uair sa tseachtain le linn na hidirghabhála |

**Tábla 2**

***Rannpháirtithe an Taighde***

| Ainm | Rang | Taithí ag Múineadh ag Leibhéal na Bunscoile | Cainteoir Dúchais |
|---|---|---|---|
| Múinteoir 1 | 5 | 2 bhliain | Ní hea |
| Múinteoir 2 | 6 | 6 bliana | Ní hea |

Bronnadh cead eitice ó choiste eitice a bhaineann le hinstitiúid Ard-Oideachais in Éirinn chun an taighde seo a chur i gcrích agus leanadh céimeanna eitice na hinstitiúide sin go docht ó thús go deireadh an tionscadail.

## Torthaí agus Plé

Leanadh sé chéim Braun agus Clarke (2006) chun anailís théamach a dhéanamh ar na sonraí cáilíochtúla sa taighde seo agus d'eascair na trí mhórthéama seo a leanas ón anailís théamach ghrinn sin:

1. Earráidí Coitianta na nDaltaí Tumoideachais
2. Ceartú na nEarráidí Coitianta
3. Luach Fheasacht Teanga an Mhúinteora i bPróiseas an Aiseolais Cheartaithigh

Cuirfear na torthaí mar a bhain leis na mórthéamaí seo i láthair anois agus úsáidtear ainmneacha cleite ar mhaithe le sonraí rannpháirtithe an taighde a chosaint.

### Earráidí Coitianta na nDaltaí Tumoideachais

Tháinig sé go mór chun solais sna hagallaimh leis na múinteoirí, i gceistneoirí na ndaltaí agus le linn bhreathnóireacht an taighdeora roimh an idirghabháil go raibh deacrachtaí gramadaí le sárú ag na daltaí sa dá rang, toradh a thagann go cruinn le litríocht an ghoirt maidir le sealbhú an T2 i gcomhthéacs an tumoideachais (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2022; Ní Aogáin et al., 2021; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018; Tedick & Lyster, 2020). Tá sé suntasach gur luaigh múinteoirí an taighde seo go raibh dúshlán dianseasmhach ann leis na daltaí ag aistriú ó Bhéarla go Gaeilge. Cé go dtuigeann na taighdeoirí go mbíonn tuiscintí agus creidiúintí éagsúla ar bhrí an téarma “Béarlachas”, ar mhaithe le leanúnachas agus soiléireacht a chinntiú san alt seo is ionann an téarma “Béarlachas” agus daltaí ag brath ar Bhéarla chun iad féin a chur in iúl trí Ghaeilge. Seo an méid a bhí le rá ag Múinteoir Sorcha faoin mBéarlachas:

| | |
|---|---|
| Sorcha<br>Roimh an idirghabháil | … uaireanta is leisciúlacht…a bhíonn i gceist mar tá siad ábalta …muna bhfuil an focal Gaeilge ar eolas acu...é a rá i slí eile … tá sé níos éasca dóibh an Béarla a chur isteach |

D’fheadfaí a léamh ó thuairim Shorcha go raibh easpa spreagtha sóisialta ar dhaltaí, uaireanta, a gcuid gramadaí a fheabhsú agus a threisiú fad is gur éirigh leo leibhéal cumarsáide a bhaint amach, de réir mar atá curtha in iúl ag taighde Uí Dhuibhir (2009, 2018). Ina theannta sin, sonraíodh go leor samplaí d’úsáid an Bhéarlachais seo i ndialann mhachnaimh na múinteoirí:

| | |
|---|---|
| Dialann mhachnaimh Shorcha<br>Ceacht Gaeilge (Seachtain 4) | Dependann sé.. |
| Dialann mhachnaimh Liam<br>Ceacht Corpoideachais (Seachtain 2) | Sin mo |

Thacaigh tuairimí na ndaltaí leis an gcoincheap seo agus ba shuimiúil gur mhothaigh siad go raibh deacracht acu ag aistriú díreach ó Bhéarla go Gaeilge freisin roimh thús na hidirghabhála:

| | |
|---|---|
| Dalta Rang a Sé<br>(Ceistneoir) | Athríonn mé ó béarla diric go Ghaeilge ach níl sé ceart. “Fuair mé isteach sa charr”, Nuair a fuair mé go dtí an teach |

Ní nach ionadh, mar sin de, gur tháinig an treocht chéanna aníos, maidir le húsáid an “Bhéarlachais”, agus duine de na taighdeoirí i mbun breathnóireachta ag tús na hidirghabhála:

| | |
|---|---|
| Dialann an Taighdeora: Rang a Sé<br>Ceacht Gaeilge (Seachtain 1) | Bhí sé mise. Bhí sé timpiste. |
| Dialann an Taighdeora: Rang a Cúig<br>Ceacht Gaeilge (Seachtain 2) | An bhfaigheann tú<br>scanraithe? |

Ní miste a thabhairt faoi deara go bhfuil fianaise den chineál aistriúcháin seo sonraithe go láidir sa litríocht agus tuairiscítear go minic go mbíonn daltaí tumoideachais ag aistriú ó chomhréir agus ó fhoclóir an Bhéarla agus nach mbíonn nathanna cainte ná gnéithe nádúrtha den chaint acu (Broner & Tedick, 2011; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Ceallaigh & Ní Shéaghdha, 2017; Ó Duibhir, 2018). Sa chaoi seo, d'fhéadfaí a mhaíomh go raibh "idirtheanga" (Selinker, 1972) in úsáid ag na daltaí chun iad féin a chur in iúl (Ní Dhiorbháin & Ó Duibhir, 2017).

Anuas ar dheacracht an aistriúcháin agus úsáid an "Bhéarlachais" sna seomraí ranga, is ceart a lua gur mhínigh na múinteoirí gur chruthaigh na briathra neamhrialta agus an t-ainm briathartha dúshláin i dteanga labhartha na ndaltaí freisin, de réir mar a chuir na múinteoirí in iúl le linn an agallaimh leathstruchtúrtha roimh an idirghabháil:

| | |
|---|---|
| Sorcha | an t-ainm briathartha. caithfidh mé páipéar...tá mé...chun fáil... níl an leagan ceart acu |
| Liam | … na briathra neamhrialta … níl siad ag smaoineamh ar na foirmeacha éagsúla... an ndearna? Dhearna mé. Ach...an ndeachaigh tú? Dheachaigh an freagra a bhfaighfeá. |

Ní mór a lua gur tháinig an fhoirm chéanna chun cinn i ndialanna machnaimh na múinteoirí agus iad ag taifeadadh earráidí coitianta na ndaltaí:

| | |
|---|---|
| Dialann mhachnaimh Liam<br>Ceacht Gaeilge (Seachtain 2) | An bhfuil cead agam úsáid do pheann? |
| Dialann mhachnaimh Liam<br>Ceacht Mata (Seachtain 5) | Beir mé greim ar mo pheann |
| Dialann mhachnaimh Shorcha<br>Ceacht Mata (Seachtain 1) | Caithfidh mé triomaigh an scuab. |

Chomh maith leis seo, nochtadh gur mheas na daltaí go raibh roinnt deacrachtaí acu leis na gnéithe gramadaí céanna de réir mar a sonraíodh san fhianaise seo a leanas ó na ceistneoirí roimh an idirghabháil:

| | |
|---|---|
| Dalta Rang a Cúig | An féidir liom téigh go dtí an leachras<br>Tá mé ag téigh |
| Dalta Rang a Cúig | Dhearna mé |

Cuireann sonraí a bailíodh le linn cúirteanna breathnóireachta leis na torthaí taighde seo mar is iad na gnéithe a bhí luaite ag na múinteoirí agus ag na daltaí sna hagallaimh agus sna ceistneoirí roimh an idirghabháil na gnéithe míchruinne a chuala duine de na taighdeoirí agus í i mbun breathnóireachta :


| | |
|---|---|
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Mata Rang a Cúig (Seachtain 1) | Dein mé faoi thimpiste. |
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Mata Rang a Sé (Seachtain 1) | Caithfidh tú faigh Pi. |

Tríd is tríd, d'fheadfaí a léamh ó na torthaí taighde seo, mar sin, go raibh na daltaí ag brath ar a gcuid eolas faisnéiseach sa Bhéarla chun cumarsáid a dhéanamh sa Ghaeilge agus go raibh tionchar a máthairtheanga go mór le sonrú ina gcaint sa T2 (Ó Duibhir, 2018).

Ar mhaithe le hanailís níos grinne a dhéanamh ar na hearráidí coitianta a tuairiscíodh i measc na ndaltaí tumoideachais le linn na hidirghabhála, rinne na taighdeoirí na hearráidí ó dhialanna machnaimh na múinteoirí a rangú de réir gnéithe gramadaí. Tá sé suntasach gur tháinig sé chun cinn ón anailís a rinneadh go raibh na hearráidí céanna le cloisteáil i measc daltaí sa dá rang, Rang a Cúig agus Rang a Sé. Tá achoimre ghairid ar na hearráidí coitianta a chualathas sa dá rang léirithe i bhFigiúr 1 agus i bhFigiúr 2.


**Figiúr 1**

***Achoimre ar na hearráidí ba choitianta a chualathas i Rang a Cúig le linn na hidirghabhála***




**Figiúr 2**

***Achoimre ar na hearráidí ba choitianta a chualathas i Rang a Sé le linn na hidirghabhála***



De réir mar a shonraítear sna figiúirí thuas, i dtaca le "Béarlachas", leis na briathra neamhrialta agus leis an ainm briathartha, ba shuimiúil gur thug duine de na taighdeoirí faoi deara le linn breathnóireachta sa seomra ranga go raibh deacrachtaí ag daltaí an taighde seo leis an gcopail, le claoninsint agus leis an gclásal coibhneasta, gnéithe gramadaí nach raibh luaite ag na múinteoirí sna hagallaimh ná ag na daltaí sna ceistneoirí roimh nó i ndiaidh na hidirghabhála.

| | |
|---|---|
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Gaeilge Rang a Sé (Seachtain 1) | Tá an aill bhuí pluais mhór. |
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Mata Rang a Cúig (Seachtain 3) | Cad a bhfuil an freagra? |
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Gaeilge Rang a Cúig (Seachtain 2) | B'fhéidir tá ceoltóir ann. |

Sonraítear gur gnéithe gramadaí iad seo atá neamhrialta agus éagsúil ó T1 an dalta. De réir na litríochta, bíonn deacrachtaí ag daltaí tumoideachais leo go hiondúil (Harley, 1993; Tedick & Lyster, 2020) agus moltar aird ar leith a dhíriú ar fhoirmeacha mar seo (Harley, 1993) ar mhaithe le hiad a shealbhú go cruinn. D'fhéadfaí a áiteamh, bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh in iúl anseo, nár tarraingíodh aird na ndaltaí ar na gnéithe seo ar bhonn leanúnach ná córasach le linn na hidirghabhála. Os a choinne sin, dealraítear nach raibh na daltaí feasach ar na struchtúir seo agus iad i mbun cumarsáide; ní raibh siad airdeallach ar na gnéithe gramadaí seo agus b'annamh a tugadh na hearráidí seo faoi deara ina gcuid cainte ná i gcaint a bpiaraí dá bharr. Tugtar le fios leis na sonraí a bailíodh maidir leis na hearráidí coitianta go raibh idir mhúinteoirí agus dhaltaí dírithe ar ghnéithe gramadaí eile a cheartú le linn na hidirghabhála (Béarlachas, an t-ainm briathartha, na briathra neamhrialta) de bharr go

raibh siad feasach ar na hearráidí sin a bhí le cloisteáil go minic sna seomraí ranga agus iad ag faire amach do na hearráidí sin agus iad i mbun cumarsáide sa rang.

Is follas gur bhain formhór na n-earráidí a tuairiscíodh le linn na hidirghabhála i measc daltaí éagsúla le gnéithe gramadaí atá éagsúil ón mBéarla agus le gnéithe neamhrialta den teanga, toradh taighde a thagann go cruinn le taighde eile an ghoirt (Harley, 1993; Tedick & Lyster, 2020). Ar an iomlán, tacaíonn na torthaí taighde faoi chaibidil le taighde náisiúnta agus idirnáisiúnta ina léirítear nach mbíonn nathanna cainte ná gnéithe nádúrtha den chaint ag daltaí tumoideachais agus nach n-éiríonn leo cumas comhréireach an chainteora dúchais a bhaint amach (Genesee, 1987, 2004; Lyster, 1987; Allen et al., 1990; Tedick et al., 2011).

**Ceartú na nEarráidí Coitianta**

Chun dul i ngleic le dúshláin na n-earráidí coitianta le linn an staidéir seo, iarradh ar na múinteoirí aon earráid a chuala siad i measc na ndaltaí le linn an lae scoile a cheartú agus taifead a choimeád de na hearráidí sin sna dialanna machnaimh. Níor mhiste a lua, áfach, go raibh córas ceartúcháin i bhfeidhm sa dá rang roimh an idirghabháil, mar a tugadh le fios sna hagallaimh roimh an idirghabháil. Mar sin féin thuairiscigh na múinteoirí nach raibh sé de nós acu gach uile earráid a cheartú, toradh a thagann go cruinn le taighde idirnáisiúnta eile sa ghort (Ha & Murray, 2022). Tá sé suntasach freisin go bhfaca duine de na taighdeoirí nár ceartaíodh an-chuid de na hearráidí a rinneadh agus í i mbun breathnóireachta ag tús na hidirghabhála:

| | |
|---|---|
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Mata Rang a Cúig (Seachtain 2) | An féidir leat stop… |
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Am Lóin, Rang a Sé (Seachtain 2) | Ceapaim gur skip tú<br>mise. |

D'fhéadfaí a mhaíomh, mar sin, nach raibh córas ceartúcháin córasach i bhfeidhm acu, de réir mar atá curtha in iúl ag litríocht an ghoirt (Ní Aogáin, 2019; Ó Ceallaigh, 2013). Thug an bheirt mhúinteoirí le fios sna hagallaimh gur bhraith a gcórais cheartúcháin ar an gcineál earráide a bhí i gceist agus ar an ábhar a bhí á mhúineadh ag an am.

| | |
|---|---|
| Liam | Níl na múinteoirí ag díriú isteach go hiomlán ar an gceartúchán. Glacann siad leis an freagra má dhéanann sé aon saghas ciall. |
| Sorcha | ..braitheann sé ar cad atá ar siúl. So más é go bhfuil rud éigin bunaithe ar … an aimsir chaite… ceartóidh mé e sin i rith an lae mar…tá sé sin faoi chaibidil againn ag an am sin. |

Tagann an toradh seo leis an taighde náisiúnta nach mbíonn AC á thabhairt ag múinteoirí go leanúnach i rith an lae scoile i gcaoi chórasach (Allen et al., 1990; Ní Aogáin, 2019; Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2021, 2022; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Duibhir, 2018; Swain, 1988). De réir an taighde, níl éifeacht ag baint le cleachtas neamhchórasach chun sealbhú an T2 i measc daltaí tumoideachais a chur chun cinn (Ó Duibhir, 2018). Mar a luadh níos túisce, le forbairt na hidirghabhála, chuir duine de na taighdeoirí forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do na múinteoirí maidir le AC. Suimiúil go leor, thug an taighdeoir seo faoi deara gur ardaíodh feasacht na múinteoirí i leith thábhacht an AC i bpróiseas sealbhaithe T2 mar thosaigh na múinteoirí, de réir a chéile, ag cur AC ar fáil ar bhealach níos córasaí agus níos leanúnaí le linn na hidirghabhála, mar atá sonraithe sna ráitis thíos. Chuige sin, ba spéisiúil a fheiceáil le linn na gcuairteanna breathnóireachta go raibh réimse níos leithne de straitéisí ceartúcháin in úsáid ag na múinteoirí de réir a chéile chun dul i ngleic leis na hearráidí coitianta:

| | |
|---|---|
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Gaeilge (Seachtain 1)<br>Athrá | Art: Biteann sé thú.<br>Sorcha: *Biteann* sé thú?<br>Art: Baineann sé plaic asat. |

| | |
|---|---|
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Gaeilge (Seachtain 2)<br>Iarratas ar shoiléiriú | Clár: Slip Donald Duck ar…<br>Liam: Gabh mo leithscéal. Cad a dúirt tú? Slip?<br>Clár: Shleamhnaigh Donald Duck ar.. |
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora<br>Ceacht Gaeilge (Seachtain 2)<br>Mealladh | Setanta: Ní bhfásann na plandaí.<br>Múinteoir Rang a Sé: Cad é an briathar? Ní…<br>Setanta: Ní fhásann |

Bunaithe ar an bhfianaise a cuireadh in iúl anseo, tá gach cosúlacht ann go ndeachaigh líon na straitéisí a d'úsáid na múinteoirí i méid de réir mar a d'fhorbair a gcuid tuisceana ar réimse na straitéisí, mar atá sonraithe i dtaighde níos faide i gcéin (Ha & Murray, 2021).

Ar mhaithe le tuilleadh iniúchta a dhéanamh ar an gcleachtas seo, cheistigh duine de na taighdeoirí na múinteoirí i ndiaidh na hidirghabhála i leith na straitéisí a d'úsáid siad le linn na hidirghabhála chun dul i ngleic le hearráidí na ndaltaí. Ba shuimiúil gur shonraigh na múinteoirí gur úsáid siad noda ar mhaithe leis na daltaí a bhrú chun an earráid a thabhairt faoi deara agus a cheartú:

| | |
|---|---|
| Sorcha | … thug mé nod dóibh agus ansin thug siad faoi deara go raibh botún déanta acu … cheartaigh siad iad féin nó b'fhéidir go raibh orm nod eile a thabhairt dóibh nó a rá "an bhfuil aon slí níos fearr chun é sin a rá liom?" |
| Liam | ...bhuel thosaigh mé...ag tabhairt nod nó ag déanamh stad i lár an chomhrá chun cur i gcuimhne do na páistí go raibh botún déanta acu |

Ina theannta sin, dúirt roinnt daltaí gur thug siad an freagra ceart dá chéile nuair a bhí botún déanta seachas nod a thabhairt:

| | |
|---|---|
| Dalta Rang a Cúig | … má ní bhfaighinn tú é cuireann [an múinteoir] ceist ar duine eile sa rang nó deireann sí é. |
| Dalta Rang a Sé | Cuireann an múinteoir ceist orainn rud mar "Cad a bhí sé sin?" Agus ansin beidh a fhios againn (uaireanta) nó cheartaigh muid a chéile |
| Dalta Rang a Sé | Ceartaigh muid an duine sin agus dúirt muid le an duine sin an abairt ceart |

Is follas, mar sin, gur ceartaíodh níos mó earráidí de thoradh noda ná athmhúnlaithe, toradh a théann i gcoinne lear mór taighde sa ghort (e.g. Li & Vuono, 2019). Mar sin féin a thabhairt chun cuimhne go dtagann an toradh taighde seo le taighde eile an ghoirt go náisiúnta (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2020, 2021, 2022) agus go hidirnáisiúnta (Ammar agus Spada, 2006; Ha & Murray, 2022; Lyster et al., 2013; Nassaji & Kartchava, 2020; Tedick & Lyster, 2020) gur gá réimse leathan de straitéisí AC a úsáid chun freastal ar chumais, láidreachtaí agus riachtanais gach foghlaimeora agus go mbraitheann éifeacht aon straitéis AC ar chúinsí éagsúla.

Bíodh sin mar atá, ní gan dua a cuireadh an córas leanúnach de AC i bhfeidhm sna seomraí ranga agus léiríodh go gléineach sna torthaí taighde gur ghlac sé neart ama ar na múinteoirí an líon earráidí a cheartú ag an tús ach, de réir a chéile, tháinig laghdú ar an méid ceartúchán a bhí le déanamh ag na múinteoirí de réir mar a chuaigh pobail na seomraí ranga i dtaithí ar an gcóras leanúnach nua.

| | |
|---|---|
| Sorcha | De réir a chéile … laghdaigh an méid uair go raibh orm nod a thabhairt dóibh. Ar dtús bhí a lán ama caite air ach de réir a chéile bhí sé soiléir go raibh na páistí ag foghlaim. |
| Liam | tá na páistí machnamhach anois agus tá siad ag déanamh iarracht níos mó mar tá an rud ceart ar eolas acu. Bhíodar ag léimt chuig na sean-nósanna a bhí acu ach anois tá siad beagáinín níos cúramaí faoi. |

D’fhéadfaí a léamh ón toradh seo go nglacann sé am an córas a chur i bhfeidhm ach gur fiú go mór an t-am a chaitheamh ag an tús chun dea-chleachtas ceartúcháin a mhúnlú agus chun cúrsaí ceartúcháin a fhorbairt mar ghnáthchleachtas ranga mar téann sé go mór chun leasa fhorbairt teanga na ndaltaí ar deireadh. Tagann an toradh taighde seo go cruinn le taighde eile a cuireadh i gcrích in Éirinn (Ní Aogáin & Ó Duibhir, 2022).).

**Luach Fheasacht Teanga an Mhúinteora i bPróiseas an Aiseolais Cheartaithigh**

Thug na taighdeoirí faoi deara sa taighde seo go raibh dlúthnasc idir na foirmeacha ar thuig na múinteoirí iad a bheith dúshlánach do na daltaí (Béarlachas, briathra neamhrialta agus an t-ainm briathartha) ag tús na hidirghabhála agus na foirmeacha a ceartaíodh le linn na hidirghabhála. Spéisiúil a dhóthain, áfach, thug duine de na taighdeoirí faoi deara agus í ag déanamh breathnóireachta sa dá rang nár ceartaíodh na hearráidí coitianta maidir le gnéithe eile d'fhoirm na teanga sa dá rang go minic (an chopail, an clásal coibhneasta, an claoninsint). Seo a leanas roinnt samplaí de na hearráidí coitianta a chuala an taighdeoir seo nár ceartaíodh:

| | |
|---|---|
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora Ceacht Mata Rang a Sé (Seachtain 1) | Tá sé líne ag dul trasna an láir. |
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora Ceacht Teagasc Críostaí Rang a Cúig (Seachtain 4) | Chun gach rud a bhfuil milis a fháil amach as an teach. |
| Rúibric bhreathnóireachta an taighdeora Ceacht Gaeilge Rang a Cúig (Seachtain 5) | Dúirt sí bhí sí sásta leis an obair. |

Mar aon leis sin, thug na taighdeoirí faoi deara le linn anailíse nach raibh an-chuid samplaí de na hearráidí coitianta seo le feiceáil sna dialanna machnaimh a bhí ag na múinteoirí ach an oiread, cé gur tuairiscíodh go raibh na hearráidí seo le cloisteáil ar bhonn leanúnach sna seomraí ranga i ndialann bhreathnóireachta an taighdeora. D'fhéadfaí a léamh ón anailís seo gur léirigh sé go mbíonn tionchar ag feasacht na múinteoirí ar na cineálacha earráidí a cheartaítear sa seomra ranga tumoideachais. Tugtar le fios sa litríocht go bhféadfadh an easpa feasachta teanga seo a bhíonn ag múinteoirí sa suíomh tumoideachais dúshláin a chruthú ag leibhéal na hoideolaíochta agus nach mbíonn "… feasacht teanga sa tumtheanga mar bhonn agus mar thaca ag cleachtais teagaisc an mhúinteora sa tumoideachas"

i gcónaí (Ó Ceallaigh & Ní Chathasaigh, 2021, lch.95). Léirítear, leis an toradh taighde seo, nach mór feasacht a bheith ag múinteoirí tumoideachais maidir lena gcumas féin sa sprioctheanga, mar aon le hearráidí coitianta uile na ndaltaí, sula dtugtar faoi chóras AC a chur i bhfeidhm.

## Conclúid agus Moltaí

Tháinig sé chun solais ó na sonraí a bailíodh le linn an taighde seo gurbh iad na hearráidí gramadaí ba choitianta a rinneadh ná earráidí a bhain leis an mBéarlachas, leis an ainm briathartha agus leis na briathra neamhrialta. Is díol suime é freisin go raibh na hearráidí coitianta céanna le cloisteáil sa dá rang. Tá an toradh seo suntasach mar tugtar le fios nár tháinig feabhas ar fheasacht na ndaltaí i leith na n-earráidí seo ó Rang 5 go Rang 6. D'fhéadfaí a mhaíomh freisin go léiríonn sé gurbh iad seo na hearráidí a raibh na múinteoirí airdeallach fúthú le linn ceartúcháin agus go raibh siad ag faire amach do na gnéithe gramadaí seo níos minice ná gnéithe eile sa seomra ranga dá bharr. Ag eascairt as an toradh taighde seo, moltar d'oideachasóirí trasna an chontanaim oideachais AC a úsáid mar chur chuige chun aird na ndaltaí a dhíriú ar fhoirmeacha dúshlánacha na teanga, ar nós na n-earráidí coitianta a aithníodh sa taighde seo.

Sonraíodh gur athraíodh an cleachtas ceartúcháin sa seomra ranga mar thoradh ar chóras AC a chur ar bun ar bhonn córasach agus leanúnach. Bhí réimse straitéisí ceartúcháin in úsáid ag na múinteoirí chun AC a thabhairt faoi dheireadh na hidirghabhála nach raibh in úsáid acu sular cuireadh an córas AC i bhfeidhm. Tháinig laghdú ar an méid ceartúcháin a bhí le déanamh ag na múinteoirí ar na hearráidí coitianta ach is ceart a lua gur bhain an laghdú seo le hearráidí coitianta ar aithin na múinteoirí a raibh deacracht ag na daltaí leo. Bhí AC á thabhairt go leanúnach ar na hearráidí seo agus thosaigh na daltaí á dtabhairt faoi deara iad féin dá bharr. Léiríodh sna torthaí go raibh earráidí coitianta eile á ndéanamh ag na daltaí nár

ceartaíodh sa dá rang go minic. Tugann an toradh taighde seo le fios go mbíonn tionchar ag feasacht mhúinteoirí ar na cineálacha earráidí a cheartaítear sa seomra ranga tumoideachais; is gá dóibh a bheith feasach ar a n-acmhainn teangeolaíoch féin agus ar earráidí coitianta na ndaltaí sula dtugtar faoi chóras AC a chur i bhfeidhm. Ba spéisiúil freisin gur thuairiscigh an bheirt mhúinteoirí nach mbeidís ábalta an córas a chur ar bun gan tacaíocht leanúnach, toradh a léiríonn an gá le forbairt ghairmiúil leanúnach chun an córas AC a chur i bhfeidhm go héifeachtach sa rang. Bheadh sé inmholta do chúrsaí oiliúna agus do lucht déanta beartas forbairt ghairmiúil leanúnach faoi leith maidir le straitéisí ar nós AC a chur ar fáil d’ábhar oidí agus do mhúinteoirí, i. clár foghlama agus forbartha gairmiúla atá ag teacht le héilimh na gairme sa tumoideachas.

Tógann an taighde seo ar thaighde eile atá curtha i gcrích go dtí seo i ngort tumoideachais na hÉireann (Ní Aogáin 2019; Ó Ceallaigh, 2013; Ó Duibhir 2009). Is ceart a lua, mar sin féin,  go raibh teorainn leis an taighde seo mar bhí an líon rannpháirtithe teoranta agus ní raibh aon ghrúpa comparáideach ann chun comparáid a dhéanamh leis an ngrúpa trialach. Anuas air sin, ní raibh sa taighde seo ach sonraí cáilíochtúla agus cé gur eascair torthaí luachmhara a chuirfidh le gort an tumoideachais as, moltar modhanna measctha a úsáid amach anseo chun dul chun cinn na ndaltaí a mheas go cainníochtúil. D’fhéadfaí, mar sin, taighde den saghas seo, ina mbainfí úsáid as modhanna measctha, a chur ar bun tras-tíre agus réimse níos leithne de scoileanna a chur san áireamh.

## Tagairtí

Aljaafreh, A., & Lantolf, J. P. (1994). Negative feedback as regulation and second language learning in the zone of proximal development. *Modern Language Journal, 78*(4), 465–483. doi.org/10.2307/328585

Allen, P., Swain, M., Harley, B. & Cummins, J. (1990). Aspects of classroom treatment: Toward a more comprehensive view of second language education. In B. Harley, P. Allen, J. Cummins & M. Swain (Eag.), *The development of second language proficiency* (lgh. 57-81). Cambridge University Press.

Ammar, A. & Spada, N. (2006). One size fits all? Recasts, prompts, and L2 learning. *Studies in Second Language Acquisition, 28*(04), 543-574. doi:10.10170S0272263106060268

Baker, C. & Wright, W. E. (2021). *Foundations of bilingual education and bilingualism* (7ú eag.). Multilingualism Matters.

Braun, V. & Clarke, V. (2006). Using thematic analysis in psychology. *Qualitative Research in Psychology, 3*(2), 77-101. doi:10.1191/1478088706qp063oa

Broner, M. & Tedick, D.J. (2011). Talking in the 5th grade classroom: Language use in an early total Spanish immersion program: Practices, policies, possibilities. In D.J. Tedick, D. Christian & T.W. Fortune (Eag.), *Immersion education: Practices, policies, possibilities (lgh. 166-186).* Multilingual Matters.

Cammarata, L. & Ó Ceallaigh, T.J. (Eag.) (2020). *Teacher development for immersion and content-based instruction.* John Benjamins.

CNCM (2019). *Curaclam Teanga na Bunscoile,* An Roinn Oideachais agus Scileanna. Ar fáil ag: https://www.curriculumonline.ie/getmedia/fc8c86b9-9c77-46a7-a7d8-a7b9abfb2013/PLC-Document_Irish.pdf.

Ellis, R. & Sheen, Y. (2011). Corrective feedback in language teaching. In E. Hinkel (Eag.), *Handbook of research in second language teaching and learning. Volume 2*, (lgh. 593-610). Routledge.

Gaeloideachas (2022). Staitisticí. Ar fáil ag: https://gaeloideachas.ie/is-taighdeoir-me/staitistici/?lang=ga

Genesee, F. (1987). *Learning through two languages: Studies of immersion and bilingual education.* Newbury House.

Genesee, F. (2004). What do we know about bilingual education for majority language students? In T.K. Bhatia & W. Ritchie (Eag.), *Handbook of Bilingualism and Multiculturalism* (lgh. 547-576). Blackwell, Malden, MA.

Ha, X. V., & Murray, J. (2021). The impact of a professional development program on EFL teachers' beliefs about corrective feedback. *System, 96*, Article 102405. https://doi.org/10.1016/j.system.2020.102405

Harley, B. (1993). Instructional strategies and SLA in early French immersion. *Studies in Second Language Acquisition, 15*(2), 245-259. doi:10.1017/S0272263100011980

Harris, J. & Ó Duibhir, P. (2011). *Múineadh éifeachtach teangacha: Sintéis ar thaighde.* , NCCA. Ar fáil ag: https://ncca.ie/media/2713/muineadh_eifeachtach_teangacha.pdf.

Li, S. (2010). The effectiveness of corrective feedback in SLA: A meta-analysis. *Language Learning*, *60*(2), 309-365. doi:10.1111/j.1467-9922.2010.00561.x

Li, S., & Vuono, A. (2019). Twenty-five years of research on oral and written corrective feedback in System. *System*, *84*, 93–109. doi.org/10.1016/j. system.2019.05.006

Loewen, S., & Sato, M. (2018). Interaction and instructed second language acquisition. *Language Teaching*, *51*(3), 285-329. doi:10.1017/S0261444818000125

Lyster, R. (1987). Speaking immersion. *The Canadian Modern Language Review*, 43(A), 701-717.

Lyster, R. (2004). Differential effects of prompts and recasts in form-focused instruction. *Studies in Second Language Acquisition*, *26*(3), 399-432. doi.org/10.1017/S0272263104263021.

Lyster, R. (2007). *Learning and teaching languages through content: A counterbalanced approach*. John Benjamins.

Lyster, R. and Ranta, L. (1997) Corrective feedback and learner uptake: Negotiation of form in communicative classrooms. *Studies in Second Language Acquisition*, 19(1), 37-66. doi: http://dx.doi.org/10.1017/S0272263197001034.

Lyster, R. & Saito, K. (2010). Oral feedback in classroom SLA: A meta-analysis. *Studies in Second Language Acquisition*, 32(2), 265-302. Cambridge University Press.

Lyster, R., Saito, K. & Sato, M. (2013). Oral corrective feedback in second language classrooms. *Language Teaching*, *46*(01), 1-40. doi:10.1017/S0261444812000365

Mertens, D. (2022). *Research and evaluation in education and psychology* (5ú heag.). Sage.

Nassaji, H., & Kartchava, E. (2020). Corrective feedback and good language teachers. In C. Griffiths, & Z. Tajeddin (Eag.), *Lessons from good language teachers* (lgh. 151–163). Cambridge University Press.

Ní Aogáin, S. (2019). *Teachers' and students' perspectives of corrective feedback on the grammatical accuracy of immersion students' second language.* [Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe]. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. (2020). *Aiseolas ceartaitheach i suíomh an tumoideachais. Ábhar Tacaíochta*. An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta.

Ní Aogáin, S. & Ó Duibhir, P. (2021). Iniúchadh ar an tionchar a bhíonn ag aiseolas ceartaitheach ar chruinneas Gaeilge daltaí tumoideachais. In T. J. Ó Ceallaigh & M. Ó Laoire (Eag.), An Tumoideachas: Deiseanna agus dea-chleachtais. *An dara comhdháil taighde uile-oileánda ar an tumoideachas: Imeachtaí comhdhála,* (lgh.140-153). An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ní Aogáin, S. agus Ó Duibhir, P. (2022). Ó theoiric go cleachtas: Aiseolas ceartaitheach i mbunscoileanna lán-Ghaeilge. *Teanga*, *29*, 80–106. https://doi.org/10.35903/teanga.v29i.2520

Ní Aogáin, S., Ní Mhurchú, C. & Ó Ceallaigh, T.J. (2021). I dtreo an tsealbhaithe ar bhealach iomlánaíoch: Forbairt na foirme i gcomhthéacs na cumarsáide sa suíomh lán-Ghaeilge. *Irish Teachers' Journal, 9*, 109-122.

Ní Dhiorbháin, A. & Ó Duibhir, P. (2017). An explicit-inductive approach to grammar in Irish-medium immersion schools, *Language Awareness*, *26*(1), 3-24. http://dx.doi.org/10.1080/09658416.2016.1261870.

Ní Mhurchú, C. (2019). *Aiseolas ceartaitheach: an spreagfaidh aiseolas ceartaitheach córasach ó bhéal féincheartú agus ceartú-piara i measc daltaí tumoideachais sa seomra ranga?* [Tráchtas máistreachta neamhfhoilsithe]. Coláiste Mhuire gan Smál.

Ní Thuairisg, L. (2014). *Léargas ar thaithí mhúinteoirí iar-bhunscoileanna na Gaeltachta: Dúshláin ghairmiúla agus riachtanais oiliúna*. [Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe]. Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath.

Ó Ceallaigh, T.J. (2013). *An teagasc foirm-dhírithe sa tumoideachas lán-Ghaeilge: Scagadh ar pheirspíochtaí agus ar chleachtais múinteoirí*. [Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe]. Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Ó Ceallaigh, T. J. & Ní Chathasaigh, C. (2021). Feasacht teanga an mhúinteora tumoideachais: Préamh agus guairne an chleachtais. *Reiviú*. Ar fáil ag: http://leannteangaanreiviu.com/content/feasacht-teanga-mh%C3%BAinteora-tumoideachais-pr%C3%A9amh-agus-guairne-chleachtais

Ó Ceallaigh, T. J. & Ní Shéaghdha, A. (2017). *Critéir aitheantais cuí um dhearbhú cáilíochta agus dea-chleachtais do bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge ar bhonn uile Éireann.* Gaeloideachas.

Ó Ceallaigh, T.J., Leavy, A. and Hourigan, M. (2019). Comhtháthú an ábhair agus na teanga i gcomhthéacs an tumoideachais: Múinteoirí faoi oiliúint i mbun éabhlóide tríd an staidéar ceachta. *COMHARTaighde 5* https://doi.org/10.18669/ct.2019.03

Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M. (2021). Eagarfhocal. An tumoideachas: deiseanna agus dea-chleachtais. In Ó Ceallaigh, T.J. & Ó Laoire, M., (eag.), *An tumoideachas: deiseanna agus dea-chleachtais* (lgh. v-xv). An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta.

Ó Ceallaigh, T. J., Ó Laoire, M., & Uí Chonghaile, M. (2019). *Comhtháthú an t-ábhar agus na teanga san iar-bhunscoil lán-Ghaeilge/Gaeltachta: I dtreo eispéiris forbartha gairmiúla chun dea-chleachtais a nochtadh.* Comhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta.

Ó Ceallaigh, T.J. (2020) ‘Feasacht teanga múinteoirí a nochtadh tríd an staidéar ceachta’. *Taighde agus Teagasc*, *7*, 171-186.

Ó Ceallaigh, T.J., Dennehy, N., Ní Chonaill, M. & O’ Connor, A. (2020). Tús Maith? Iniúchadh ar dhearcthaí múinteoirí faoi oiliúint agus múinteoirí ag tosú amach sa ghairm maidir leis an teagasc in iar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge, agus ar a dtaithí ar an teagasc sin. *Féilte 2020, Teaching Council Festival of Education in Learning and Teaching Excellence*, 03 Deireadh Fómhair 2020. (seimineár gréasáin).

Ó Duibhir, P. (2009). *The spoken Irish of sixth-class pupils in Irish immersion schools.* [Tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe]. Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath.

Ó Duibhir, P. (2018). *Immersion education: Lessons from a minority language context*. Multilingual Matters.

Ó hAiniféin, D. (2008). *An tumoideachas in Éirinn. Immersion education in Ireland*. Coiscéim.

Selinker, L. (1972). Interlanguage. *International Review of Applied Linguistic in Language, 10*(3), 209 – 231.

Swain, M. (1988) Manipulating and complementing content teaching to maximize second language learning, *TESL Canada Journal*, *6*(1), 68-83.

Tedick, D.J., Christian, D. & Fortune, T.W. (2011). The future of immersion education. An invitation to “dwell in possibility”. In D.J. Tedick, D. Christian & T.W. Fortune (Eag.), *Immersion education: Practices, policies, possibilities* (lgh. 1-12). Multilingual Matters.

Tedick, D.J. & Lyster, R. (2020). *Scaffolding language development in immersion and dual language classrooms*. Routledge.

Walsh, C. (2007). *Cruinneas na Gaeilge scríofa sna hiar-bhunscoileanna lán-Ghaeilge i mBaile Átha Cliath*. Ar fáil ag: http://www.cogg.ie/wpcontent/uploads/clarewalshecruinneasnagaeilge.pdf